2025/1045

25.7.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1045 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le foghrúpaí feithiclí le haghaidh leoraithe cónaisc thar a bheith trom a chur isteach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 d'fheithiclí tromshaothair nua agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointí (a), (e), (f) agus (g) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir le leoraithe cónaisc thar a bheith trom a shainmhínítear in Airteagal 3(25) de Rialachán (AE) 2019/1242, má oibrítear iad faoi dhálaí oibríochtúla agus réigiúnacha iomchuí, d'fhéadfadh sé go léireodh siad astaíochtaí CO_2 níos ísle in aghaidh an mhíleáiste a thaistealaítear agus an pálasta a iompraítear, arna sloinneadh i luachanna níos ísle de $gCO_2/t°km$, ná cónaisc feithiclí eile;

(2) Ba cheart na luachanna níos ísle sin de gCO_2/t-km a léiriú sa ríomh ar chomhlíonadh na spriocanna i leith astaíochtaí CO_2 dá bhforáiltear in Airteagal 3a(1), pointí (b), (c) agus (d) de Rialachán (AE) 2019/1242 trí fhoghrúpaí feithiclí ar leithligh a chur isteach le haghaidh leoraithe cónaisc thar a bheith trom;

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1242 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2019/1242

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) 2019/1242 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1.1.:

‘1.1.1. Maidir le feithiclí tromshaothair de chatagóir N, sainmhínítear an foghrúpa feithiclí *sg* mar a leanas:

Grúpa feithiclí de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400	Cineál cábáin	Cumhacht innill	Raon oibríochtúil (OR)	Foghrúpa feithiclí (*sg*) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo ([1])	
				Feithiclí seachas feithiclí seirbhíse	Feithiclí seirbhíse
53 agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha in 51	Uile			53	53v
54 agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha in 52	Uile			54	–
1s	Uile			1s	1sv
1	Uile			1	1v
2	Uile			2	2v
3	Uile			3	3v
4	Uile	< 170 kW	Uile	4-UD	4v
	Cábán lae	≥ 170 kW	Uile	4-RD	
	Cábán codlata	≥ 170 kW agus < 265 kW			
	Cábán codlata	≥ 265 kW	< 350 km		
	Cábán codlata	≥ 265 kW	≥ 350 km	4-LH	
5	Cábán lae	Uile	Uile	5-RD	5v
	Cábán codlata	< 265 kW			
	Cábán codlata	≥ 265 kW	< 350 km		
	Cábán codlata	≥ 265 kW	≥ 350 km	5-LH	
9	Cábán lae	Uile	Uile	9-RD	9v
	Cábán codlata	Uile	< 350 km		
	Cábán codlata	Uile	≥ 350 km	9-LH	

Grúpa feithiclí de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400	Cineál cábáin	Cumhacht innill	Raon oibríochtúil (OR)	Foghrúpa feithiclí (*sg*) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo ([1])	
				Feithiclí seachas feithiclí seirbhíse	Feithiclí seirbhíse
10	Cábán lae	Uile	Uile	10-RD	10v
	Cábán codlata	Uile	< 350 km		
	Cábán codlata	Uile	≥ 350 km	10-LH	
11	Uile, seachas leoraithe cónaisc thar a bheith trom			11	11v
	Uile, leoraithe cónaisc thar a bheith trom amháin			11-EHC	
12	Uile, seachas leoraithe cónaisc thar a bheith trom			12	12v
	Uile, leoraithe cónaisc thar a bheith trom amháin.			12-EHC	
16	Uile, seachas leoraithe cónaisc thar a bheith trom			16	16v
	Uile, leoraithe cónaisc thar a bheith trom amháin			16-EHC	

([1]) Chun sciartha feithiclí agus meánastaíochtaí sonracha CO_2 monaróirí le haghaidh tréimhsí tuairiscithe na mblianta 2030 go 2034 a ríomh i gcomhréir le pointí 2.4 agus 2.7, faoi seach, sannfar feithiclí seirbhíse astaíochtaí nialasacha de chatagóir N mar a leanas:

Feithicil seirbhíse astaíochtaí nialasacha san fhoghrúpa feithiclí	Sannta don fhoghrúpa feithiclí
53v	53
1sv	1s
1v	1
2v	2
3v	3
4v	4-UD
5v	5-RD
9v	9-RD
10v	10-RD
11v	11
12v	12
16v	16

Ciallaíonn ‘cábán codlata’ cineál cábáin ina bhfuil urrann taobh thiar de shuíochán an tiománaí atá ceaptha lena húsáid don chodladh arna thuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b.

Ciallaíonn ‘cábán lae’ cineál cábáin nach cábán codlata é.

I gcás ina sanntar feithicil tromshaothair nua d’fhoghrúpa feithiclí 4-UD, ach nach bhfuil sonraí faoi na hastaíochtaí CO_2 in g/km ar fáil don phróifíl mhisin UDL nó UDR a shainmhínítear i bpointe 1.4. sannfar an fheithicil nua tromshaothair d’fhoghrúpa feithiclí 4-RD.

Ciallaíonn ‘raon oibríochtúil’ an fad is féidir le feithicil tromshaothair taisteal faoi dhálaí iompair cianaistir gan í a athluchtú nó a athlíonadh, dá bhforáiltear i bpointe 1.3.

I gcás, le haghaidh feithicil tromshaothair a thagann i ngrúpa 11, 12 nó 16, nach bhfuil an fhaisnéis maidir le TPMLM dá dtagraítear in Airteagal 3(25), pointe (c), ar fáil, sannfar an fheithicil sin d’fhoghrúpaí feithiclí 11-EHC, 12-EHC agus 16-EHC ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 3(25), pointí (a) agus (b) amháin.’

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1.1.:

‘2.1.1. Ualuithe na bpróifílí misin ($W_{sg,mp}$) le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N

Foghrúpa feithiclí (*sg*) [1]	Próifíl mhisin (*mp*) [2]												
	RDL	RDR	LHL	LHR	UDL	UDR	REL, RER	LEL	LER	MUL	MUR	COL	COR
53, 53v	0,25	0,25	0	0	0,25	0,25	0	0	0	0	0	0	0
54	0,25	0,25	0	0	0,25	0,25	0	0	0	0	0	0	0
1s, 1sv	0,1	0,3	0	0	0,18	0,42	0	0	0	0	0	0	0
1, 1v	0,1	0,3	0	0	0,18	0,42	0	0	0	0	0	0	0
2, 2v	0,125	0,375	0	0	0,15	0,35	0	0	0	0	0	0	0
3, 3v	0,125	0,375	0	0	0,15	0,35	0	0	0	0	0	0	0
4-UD	0	0	0	0	0,5	0,5	0	0	0	0	0	0	0
4-RD	0,45	0,45	0,05	0,05	0	0	0	0	0	0	0	0	0
4-LH	0,05	0,05	0,45	0,45	0	0	0	0	0	0	0	0	0
4v	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0,25	0,25	0,25	0,25
5-RD	0,27	0,63	0,03	0,07	0	0	0	0	0	0	0	0	0
5-LH	0,03	0,07	0,27	0,63	0	0	0	0	0	0	0	0	0
5v	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0,5	0,5
9-RD	0,27	0,63	0,03	0,07	0	0	0	0	0	0	0	0	0
9-LH	0,03	0,07	0,27	0,63	0	0	0	0	0	0	0	0	0
9v	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0,25	0,25	0,25	0,25
10-RD	0,27	0,63	0,03	0,07	0	0	0	0	0	0	0	0	0
10-LH	0,03	0,07	0,27	0,63	0	0	0	0	0	0	0	0	0
10v	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0,5	0,5
11	0,3	0,7	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
11v	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0,1	0,23	0,3	0,37
11-EHC	0,03	0,07	0	0	0	0	0	0,27	0,63	0	0	0	0
12	0,3	0,7	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
12v	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0,3	0,7
12-EHC	0,03	0,07	0	0	0	0	0	0,27	0,63	0	0	0	0
16, 16v	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0,3	0,7
16-EHC	0,03	0,07	0	0	0	0	0	0,27	0,63	0	0	0	0

[1] Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1.
[2] Féach na sainmhínithe i bpointe 1.4.’

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.5.1.:

'2.5.1. Feithiclí tromshaothair de chatagóir N

Cinntear na luachanna pálasta PL $_{sg,\ mp}$ (i dtonaí) mar a leanas:

Foghrúpa feithiclí (*sg*) ([1])	Próifíl mhisin (*mp*) ([2])													
	RDL	RDR	LHL	LHR	UDL	UDR	REL	RER	LEL	LER	MUL	MUR	COL	COR
53	Mar a chinntear i bpointe 3.1.1		Ní bhaineann le hábhar		Mar a chinntear i bpointe 3.1.1		Ní bhaineann le hábhar							
53v														
54														
1s														
1sv														
1														
1v														
2			Mar a chinntear i bpointe 3.1.1											
2v														
3			Ní bhaineann le hábhar											
3v														
4-UD	0,9	4,4	1,9	14	0,9	4,4	3,5	17,5	3,5	26,5	0,6	3,0	0,9	4,4
4-RD														
4-LH														
4v														
5-RD	2,6	12,9	2,6	19,3	2,6	12,9	3,5	17,5	3,5	26,5	Ní bhaineann le hábhar.	Ní bhaineann le hábhar.	2,6	12,9
5-LH														
5v														
9-RD	1,4	7,1	2,6	19,3	1,4	7,1	3,5	17,5	3,5	26,5	1,2	6,0	1,4	7,1
9-LH														
9v														
10-RD	2,6	12,9	2,6	19,3	2,6	12,9	3,5	17,5	3,5	26,5	Ní bhaineann le hábhar.	Ní bhaineann le hábhar.	2,6	12,9
10-LH														
10v														
11	1,4	7,1	2,6	19,3	1,4	7,1	3,5	17,5	3,5	26,5	1,2	6,0	1,4	7,1
11v														
11-EHC										31				
12	2,6	12,9	2,6	19,3	2,6	12,9	3,5	17,5	3,5	26,5	Ní bhaineann le hábhar.	Ní bhaineann le hábhar.	2,6	12,9
12v														
12-EHC										31				
16	1,4	7,1	2,6	19,3	1,4	7,1	3,5	17,5	3,5	26,5	Ní bhaineann le hábhar.	Ní bhaineann le hábhar.	2,6	12,9
16v														
16-EHC										34				

([1]) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1.
([2]) Féach na sainmhínithe i bpointe 1.4.

Cinntear luachanna na bpálastaí uasta atá incheadaithe go teicniúil $maxPL_{sg}$agus méideanna lasta CV_{sg} i gcomhréir le pointe 3.1.1.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.6.1.:

‘2.6.1. Míleáistí bliantúla le haghaidh feithiclí tromshaothair de chatagóir N

Foghrúpa feithiclí *(sg)* [1]	Míleáiste bliantúil AM_{sg} (in km)
53, 53v	58 000
54	58 000
1s, 1sv	58 000
1, 1v	58 000
2, 2v	60 000
3, 3v	60 000
4-UD	60 000
4-RD	78 000
4-LH	98 000
4v	60 000
5-RD	78 000
5-LH	116 000
5v	60 000
9-RD	73 000
9-LH	108 000
9v	60 000
10-RD	68 000
10-LH	107 000
10v	60 000
11	65 000
11v	60 000
11-EHC	107 000
12	67 000
12v	60 000
12-EHC	107 000
16, 16v	60 000
16-EHC	107 000

[1] Féach na sainmhínithe i bpointe 1.1.’

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.3.1:

‘4.3.1. Beidh feidhm ag na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí CO_2 rf_{sg} agus rfp_{sg} de bhun Airteagal 3a maidir le feithiclí tromshaothair san fhoghrúpa feithiclí *sg* le haghaidh tréimhsí tuairiscithe éagsúla:

Spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí CO_2 rf_{sg}agus rfp_{sg}					
Foghrúpaí feithiclí (*sg*)		Tréimhsí tuairiscithe na mblianta			
		2025 – 2029	2030 – 2034	2035 – 2039	Ó 2040 ar aghaidh
Leoraithe meánmhéide	53, 54	0	43 %	64 %	90 %
Leoraithe troma > 7,4t	1s, 1, 2, 3	0	43 %	64 %	90 %
Leoraithe troma > 16 t ag a bhfuil cumraíochtaí acastóirí 4x2 agus 6x4	4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH	15 %	43 %	64 %	90 %
Leoraithe troma > 16 t ag a bhfuil cumraíochtaí acastóirí speisialta	11, 12, 16, 11-EHC, 12-EHC, 16-EHC	0	43 %	64 %	90 %
Feithiclí seirbhíse	53v, 1sv, 1v, 2v, 3v, 4v, 5v, 9v, 10v, 11v, 12v, 16v	0	0	64 %	90 %
Cóistí *agus busanna idiruirbeacha* (rf_{sg})	32-C2, 32-C3, 32-DD, 34-C2, 34-C3, 34-DD, *31-L2, 33-L2*	0	43 %	64 %	90 %
Príomhfheithiclí de chóistí *agus busanna idiruirbeacha* (rfp_{sg})	32-C2, 32-C3, 32-DD, 34-C2, 34-C3, 34-DD, *31-L2, 33-L2*	0	43 %	64 %	90 %
Leantóirí	421, 421v, 422, 422v, 423, 431, 431v, 432, 432v, 433, 611, 612, 611V, 612V, 621, 623, 621V, 622, 622V, 623V, 624, 624V, 625, 631, 631v, 632, 632v, 633	0	7,5 %	7,5 %	7,5 %

Spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí CO_2 rf_{sg}agus rfp_{sg}					
Foghrúpaí feithiclí *(sg)*		Tréimhsí tuairiscithe na mblianta			
		2025 – 2029	2030 – 2034	2035 – 2039	Ó 2040 ar aghaidh
Leathleantóirí	111, 111V, 112, 112V, 113, 121, 121V, 122, 122V, 123, 123V, 124, 124V, 125, 126, 131, 131V, 132, 132V, 133	0	10 %	10 %	10 %

Le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta roimh 2025, 0 a bheidh i spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO_2 rf_{sg} agus rfp_{sg} uile.'